**Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil**
**Ollscoil Mhá Nuad**

teg
teastaseorpach na gaeilge

# Ardleibhéal 1 (C1)

## Eolas agus treoir d'iarrthóirí

ALTE Q222

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

Crannchur Náisiúnta

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

## 1. *Aidhm*

Is scrúdú inniúlachta Gaeilge atá i *Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1).* Tá sé dírithe, den chuid is mó, ar fhoghlaimeoirí fásta in Éirinn nó thar lear atá i mbun staidéar príobháideach nó ag freastal ar chúrsaí Gaeilge. Go bunúsach, is scrúdú é seo a fhreastalaíonn orthu siúd ar fad ar mhaith leo cruthúnas ar a gcumas sa teanga.

Sa scrúdú seo, déantar tástáil ní hamháin ar a bhfuil sa siollabas don leibhéal seo ach, chomh maith leis sin, ar a bhfuil i siollabais an bhonnleibhéil agus an mheánleibhéil. Cuid de na hiarrthóirí a thugann faoin scrúdú seo, is amhlaidh atá *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)* gnóthaithe acu cheana. Tá an siollabas atá mar bhunús le *Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1)* bunaithe go ginearálta ar na tuairiscíní do leibhéal C1 den *Common European Framework of Reference for Languages* (2001). Meastar gur cheart d'iarrthóirí a bhfuil Meánleibhéal 2 (B2) bainte amach acu timpeall míle uair an chloig sa bhreis a chaitheamh i mbun staidéir sula dtabharfaidh siad faoin scrúdú seo. Moltar d'iarrthóirí staidéar a dhéanamh ar na páipéir shamplacha agus dul i gcomhairle le múinteoir sula ndéanfaidh siad cinneadh tabhairt faoi scrúdú ag an leibhéal seo. Níl ceangal ar bith idir an scrúdú féin agus cúrsa faoi leith teanga.

Aithnítear an cháilíocht seo go forleathan mar fhianaise ar ardscileanna teanga agus gach bliain, tugann daoine ó go leor cúlraí éagsúla faoin scrúdú: múinteoirí meánscoile, teangeolaithe, teagascóirí ollscoile, iriseoirí, aistritheoirí, dlíodóirí agus daoine eile nach iad.

Tá sé mar choinníoll ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta go mbeidh *Scrúdú Ardleibhéal 1(C1*) de chuid TEG mar riachtanas fágála ag mic léinn a bhfuil cúrsaí iarchéime san aistriúchán idir lámha acu. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.teg.ie.

Sa cháipéis seo, gheobhaidh tú eolas maidir le:

- Eolas ginearálta faoin chumas a bhfuiltear ag súil leis ag Ardleibhéal 1(C1)
- Treoir do *Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1)*

## 2. *Eolas ginearálta*

Tuigtear dúinn go mbíonn formhór na n-iarrthóirí a thugann faoin scrúdú ag an leibhéal seo ag staidéar i bpáirt le múinteoir nó ag freastal ar chúrsa ullmhúcháin. Chuige sin, tá eolas cuimsitheach maidir le riachtanais teanga an leibhéil seo, chomh maith le treoir do mhúinteoirí le fáil sa cháipéis *Ardleibhéal 1 (C1):Siollabas agus treoir do mhúinteoirí.* Murab ionann agus siollabais TEG go dtí seo, ní thugtar liostaí cuimsitheacha de na téamaí, de na feidhmeanna, den fhoclóir ná den ghramadach atá le múineadh sa cháipéis sin. Tá riachtanais foghlaimeoirí ag an leibhéal seo róleathan, ró-ilchineálach le go mbeadh tairbhe ar bith ina leithéid de chur chuige saintreorach. Ina ionad sin, is siollabas tuairisciúil atá ann a chuireann síos ar na láidreachtaí agus ar na laigí a bhíonn ag iarrthóirí sna scileanna éagsúla ag an leibhéal seo. Léirítear an leibhéal cumais le téacsanna agus le taifeadtaí samplacha agus le tráchtaireacht ar na samplaí sin.

Tugtar thíos léiriú gearr ar na rudaí is féidir le hiarrthóirí ag Ardleibhéal 1 (C1) a dhéanamh sna scileanna éagsúla.

### *2.1 Cluastuiscint*

**Ginearálta**

Tá iarrthóirí ag Ardleibhéal 1 (C1) in ann caint fhada a thuiscint gan mórán dua, lena n-áirítear fógraí, teachtaireachtaí, treoracha taifeadta, léachtaí, díospóireachtaí, formhór na gclár raidió/teilifíse agus ábhair eile atá coitianta sa saol sóisialta, acadúil agus gairmiúil. Tá siad in ann comhrá agus plé idir tríú páirtithe a thuiscint fad is nach mbíonn an chaint thar a bheith canúnach, sainiúil, teicniúil nó an-tapa.

**Cé chomh maith?**

In ann píosa fada cainte a thuiscint fiú mura mbíonn struchtúr soiléir air agus fiú má chuirtear pointí áirithe in iúl go hindíreach, caolchúiseach, gan iad a rá glan amach. In ann caint atá casta ó thaobh na hargóna agus ó thaobh na teanga de a thuiscint faoi thopaicí teibí agus faoi thopaicí nithiúla, fiú má bhaineann an chaint sin le réimsí nach bhfuil saineolas acu orthu. In ann raon leathan nathanna agus cora cainte a thuiscint agus difríochtaí réime a thabhairt faoi deara.

Is féidir go lorgófar soiléiriú faoi chora cainte éagoitianta nó má bhíonn an chaint róthapa nó thar a bheith canúnach nó mura mbíonn urlabhra shoiléir ag na cainteoirí. Cuirfear isteach ar an tuiscint má bhíonn torann ard sa chúlra agus má bhíonn an chaint féin an-trína chéile ó thaobh struchtúir de. Beidh deacrachtaí tuisceana ann i gcás droch-chaighdeán fuaime i dteachtaireachtaí agus a leithéidí. Níltear ag súil go dtuigfear gach focal i gcaint theicniúil ná i gcaint a bhaineann le topaicí nach bhfuil aon saineolas ag an fhoghlaimeoir orthu (mar shampla, an béarlagair a bhaineann leis an dlí, an teicneolaíocht faisnéise nó an diagacht). Mar sin féin, tuigfear brí ghinearálta na cainte agus beifear in ann úsáid a bhaint as comhthéacs na cainte le buille faoi thuairim a thabhairt faoi chiall focal agus frásaí nua nach dtuigtear go hiomlán.

### *2.2 An labhairt*

**Ginearálta**

Tá an t-iarrthóir in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i ngnáth-chomhrá nó i gcaint fhoirmiúil, mar shampla, cur i láthair. In ann ábhair chasta theibí a phlé le duine/daoine eile, cainteoirí dúchais san áireamh, fad is nach mbíonn an plé thar a bheith canúnach, sainiúil, teicniúil nó róthapa. In ann tuairimí agus smaointe a chur in iúl nó a chosaint agus pointí/argóintí daoine eile a fhreagairt.

Ba chóir go mbeadh an t-iarrthóir ag Ardleibhéal 1 (C1) in ann gnéithe foghraíochta a bhaineann lena rogha canúint a aithint agus a úsáid **go comhleanúnach**. Beidh míthuiscintí ann uaireanta maidir le húsáid na canúna sin. Is féidir, mar shampla, go ndéanfadh na hiarrthóirí rócheartú nó róghinearálú agus iad ag iarraidh aithris ar fhuaimeanna na canúna.

Tá an t-iarrthóir ag an leibhéal seo in ann réimse leathan feidhmeanna a láimhseáil, feidhmeanna nár tugadh i siollabas ar bith eile go dtí seo, mar atá hipitéis, rudaí a chur in ord tosaíochta, achoimriú agus áitiú. Tá feidhmeanna eile tábhachtach ag an leibhéal seo chomh maith, mar shampla, idirbheartú agus mórphointí agus mionphointí argóna a dhealú ó chéile. Is feidhmeanna dúshlánacha iad sin ar fad a léiríonn an fhorbairt teanga atá riachtanach ag Ardleibhéal 1 (C1).

**Cé chomh maith?**
In ann labhairt faoi réimse leathan topaicí go cruinn líofa spontáineach, ar shlí nach gcuireann dua ar bith ar éisteoirí. Bíonn tionchar áirithe ag an mháthairtheanga ar chaint an fhoghlaimeora i dtaca le foghraíocht agus rithim na cainte de. Déantar botúin ghramadaí sa chaint, go háirithe nuair a bhíonn an cainteoir faoi bhrú nó ag caint go tapa nó go hanamúil. Ní chomhlíontar gach riail a bhaineann le gnéithe casta den ghramadach, mar shampla an séimhiú, lagiolraí, an clásal coibhneasta agus araile. Corruair, úsáidtear focail agus frásaí sa chiall mhícheart. D'fhéadfadh cuid den mhíchruinneas sin a bheith an-bhunúsach, mar shampla *Tá an charr páirceáilte ag barr an tsráid*. Ach is ***meancóga*** a dhéantar de bharr brú nó easpa cúraim a bheidh ina leithéid de mhíchruinneas bunúsach. Ní ***earráidí*** iad a dhéantar ar bhonn leanúnach de bharr aineolais ar fhoclóir nó ar an ghramadach bhunúsach.

Is fíorannamh nach mbíonn caint an fhoghlaimeora ag Ardleibhéal 1 (C1) intuigthe ag cainteoirí dúchais agus cainteoirí oilte eile. Bíonn an t-iarrthóir in ann tuin chainte oiriúnach a úsáid chun mothúcháin agus smaointe a chur in iúl, mar shampla ionadh, comhbhá, dímheas, íoróin agus araile. Is annamh a bhíonn moill ar an chaint ná go mbíonn sé le haithint ar an chainteoir go bhfuil an focal nó an frása cuí á lorg aige/aici. Tá straitéisí ar eolas aige/aici chun soiléiriú a lorg, déileáil le daoine a bhriseann isteach ar an chaint agus araile. In ann píosaí fada cainte a dhéanamh i gcomhthéacs foirmiúil nó neamhfhoirmiúil. In ann imeacht go spontáineach ó théacs/nótaí ullmhaithe agus tógáil ar phointí inspéise a ardaítear le linn an chomhrá.

### *2.3 Léamhthuiscint*

**Ginearálta**
Bíonn iarrthóirí ag Ardleibhéal 1 (C1) in ann déileáil leis na gnáth-théacsanna Nua-Ghaeilge a bhíonn le léamh sa saol sóisialta, gairmiúil agus acadúil (mar shampla, comhfhreagras, treoracha, ailt, tuairiscí), fad is nach mbíonn siad thar a bheith canúnach, róshainiúil nó rótheicniúil. D'fhéadfadh na téacsanna sin a bheith fada, casta, teibí. Chomh maith le stór fairsing focal, beidh na scileanna seo a leanas ag teastáil:

- Téacsanna fada casta a shracléamh agus eolas/pointí a bhaineann le hábhar a bhaint astu.
- Stíl agus luas na léitheoireachta a chur in oiriúint do chuspóirí éagsúla agus do théacsanna éagsúla, mar shampla, téacs a shracléamh le haghaidh pointí eolais nó grinnléitheoireacht a dhéanamh ar théacs liteartha nó ar théacs casta eile chun an chiall iomlán a fhuascailt.

**Cé chomh maith?**
In ann beagnach gach téacs Nua-Ghaeilge a thuiscint, fad is go mbíonn deis ann sleachta deacra a athléamh. Beidh deacrachtaí ar leith ann le friotal atá an-chanúnach, le téarmaí nach n-aithnítear, le cora cainte éagoitianta agus le friotal atá 'seanda' nó a bhaineann le tréimhse eile den Nua-Ghaeilge. Fiú sa chás sin, beidh tuiscint mhaith ghinearálta acu ar

an téacs. Is féidir go mbeidh deacrachtaí acu le friotal atá thar a bheith teibí nó meafarach agus le tagairtí cultúrtha nach bhfuil coitianta, mar shampla carachtair de chuid na litríochta nó na staire. Beidh stór focal leathan ag an fhoghlaimeoir le haghaidh na léitheoireachta, agus eolas ar chomhréir na teanga. In ann friotal caolchúiseach nó aeistéitiúil a thuiscint chomh maith le friotal atá follasach nó litriúil. In ann tuairimí agus impleachtaí a aithint fiú nuair nach ndeirtear glan amach iad.

***2.4 Scríbhneoireacht***

**Ginearálta**

Beidh iarrthóirí ag Ardleibhéal 1 (C1) in ann raon leathan cineálacha téacsanna a scríobh, lena n-áirítear na téacsanna a luaitear ag Meánleibhéal 2 (B2). Beidh forbairt le haithint ar a scileanna scríbhneoireachta. Ní bheifear ag brath, mar shampla, ar na topaicí a bheith intuartha nó bainteach lena shaol laethúil/réimse eolais féin. Beidh na hiarrthóirí solúbtha, cruthaitheach go leor le scríobh go héifeachtach faoi thopaicí nach bhfuil seanchleachtadh acu orthu, fad is nach bhfuil na topaicí sin róshainiúil ná rótheicniúil.

Cuirfidh na hiarrthóirí téacsanna ar fáil atá soiléir agus slachtmhar ó thaobh struchtúir de. Beidh siad in ann díriú ar na ceisteanna is mó a bhaineann le hábhar agus sleachta réasúnta fada a scríobh chun tacú lena gcuid tuairimí, le pointí tánaisteacha, cúiseanna agus conclúidí cuí. Ag an leibhéal seo, léireoidh na hiarrthóirí cumas maith thar raon leathan scileanna teanga. Beidh siad in ann iad féin a chur in iúl go soiléir thar raon leathan topaicí, ar shlí atá oiriúnach ó thaobh na stíle de.

**Cé chomh maith?**

Beidh réimse leathan nathanna, cora cainte, nascfhocail agus téarmaí coitianta ar a dtoil ag na hiarrthóirí. Beidh siad in ann leas a bhaint as struchtúir ghramadaí agus cleasa comhréire éagsúla chun doiléire agus débhríocht a sheachaint agus an téacs a choimeád ó bheith leamh, athráiteach. Beidh soiléire, saibhreas agus nádúrthacht sa stíl scríbhneoireachta. Beidh tionchar na máthairtheanga le sonrú in amanna ach is annamh a bheidh sé chomh tromchúiseach sin agus go mbeidh sé deacair do léitheoirí an téacs a thuiscint. Beidh an téacs cruinn, den chuid is mó, ó thaobh na gramadaí agus an litrithe de. Seans go mbeidh míchruinneas i gcónaí ann i dtaca leis na pointí a liostaítear faoi **11.2 Struchtúir ar leith** agus **8.5 Mílitriú** in *Ardleibhéal 1 (C1): Siollabas agus treoir do mhúinteoirí*. Beidh éiginnteacht ann, seans, faoi leaganacha caighdeánacha seachas leaganacha canúnacha. Féach *Ardleibhéal 1 (C1): Siollabas agus treoir do mhúinteoirí* **8.8 Caighdeán vs. Canúint** le tuilleadh eolais a fháil.

Tá roinnt feidhmeanna de chuid Ardleibhéal 1 (C1) luaite cheana féin i siollabais eile de chuid TEG, mar shampla rudaí a chur i gcomparáid/i gcontrárthacht, gearán a dhéanamh agus dearcadh nó tuairimí a chur in iúl. Beifear ag súil le hiarrthóirí ag Ardleibhéal 1 (C1) na feidhmeanna atá leagtha síos i Siollabais Bhonnleibhéal 1 – Siollabais Mheánleibhéal 2 a láimhseáil ag leibhéal níos airde ná riamh ó thaobh saibhreas focal, cruinneas gramadaí agus araile. Tá feidhmeanna eile ann nár luadh riamh go dtí seo, mar shampla hipitéis, rudaí a chur in ord tosaíochta, achoimriú, mórphointí agus mionphointí argóna a dhealú ó chéile, leideanna indíreacha a thabhairt agus rudaí caolchúiseacha a chur in

iúl, mar shampla íoróin agus searbhas. Is feidhmeanna iad sin a bhíonn riachtanach sa scríbhneoireacht a dhéantar san fhearann acadúil agus san fhearann ghairmiúil.

Léireofar tuiscint ar an réim atá oiriúnach don seánra téacs agus don chomhthéacs sóisialta. Beidh an t-iarrthóir in ann cruthaitheacht agus caolchúis a léiriú, de réir mar is cuí, agus friotal aeistéitiúil a úsáid chomh maith le friotal atá follasach nó litriúil, mar shampla imeartas focal, sofhriotal (*euphemism*), leathfhocail agus meafair.

### *2.5 Cultúr na hÉireann*

Ba cheart go mbeadh cur amach maith ag iarrthóirí ar ghnéithe éagsúla de chultúr na hÉireann, go háirithe na gnéithe sin atá bainteach leis an Ghaeilge agus leis an Ghaeltacht, mar shampla, logainmneacha na tíre, mórfhéilte, na cluichí Gaelacha, na meáin Ghaeilge, an nuathéarmaíocht, tumoideachas agus oideachas trí Ghaeilge, stádas na Gaeilge san Eoraip srl. Níl sé i gceist go ndéanfar tástáil dhíreach ar an ghné seo sna scrúduithe ach tá an seans ann go dtiocfadh sé chun cinn sna téamaí agus sna hábhair scrúduithe.

## ***3. Treoir do*** **Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1)**

### *3.1 Treoir ghinearálta*

- Bíonn an scrúdú le haghaidh creidiúint iomlán ar siúl dhá uair sa bhliain, go hiondúil i mí Eanáir agus i mí Lúnasa, in Ollscoil Mhá Nuad. Maidir le páirtchreidiúint ag amanna eile den bhliain, moltar d'eagraíochtaí dul i dteagmháil le Lárionad na Gaeilge le tuilleadh eolais a fháil.
- Tá foirmeacha iarratais agus eolas reatha maidir le dátaí, ionaid agus araile le fáil ar an suíomh seo.
- Tá sé tábhachtach go mbeadh iarrthóirí ar an eolas faoin leagan amach atá ar an scrúdú agus na cineálacha ceisteanna a bhíonn i ngach rannóg den scrúdú.
- Níl cead ag iarrthóirí aon fhoclóir a bheith acu le linn an scrúdaithe. Níl sé ceadmhach ach an oiread úsáid a bhaint as aon acmhainní eile, foinsí tagartha ar líne, mar shampla.
- Chomh maith leis an eolas sa cháipéis seo, moltar go láidir d'iarrthóirí staidéar a dhéanamh ar na cáipéisí seo a leanas atá le fáil ar www.teg.ie

  *Ardleibhéal 1(C1): Siollabas agus treoir do mhúinteoirí*
  *Scrúduithe Samplacha Ardleibhéal 1 (C1)*
  *Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora do Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1)*

### *3.2 Eolas faoin scrúdú*

Léiríonn an tábla thíos na rannóga éagsúla sa scrúdú, an céatadán de na marcanna atá ag dul do gach rannóg, an t-íosmharc atá riachtanach chun pas a fháil i ngach rannóg faoi leith, an pasmharc iomlán don scrúdú agus an méid ama atá ag dul do gach rannóg.

| ***Scrúdú Ardleibhéal 1 (C1)*** | | | |
|---|---|---|---|
| | % den scrúdú iomlán | Íosmharc chun pas a fháil sa rannóg | Méid ama |
| Cluastuiscint | 20% | 10% | 50 nóiméad |
| Léamhthuiscint | 20% | 10% | 60 nóiméad |
| Scríbhneoireacht | 20% | 10% | 75 nóiméad |
| Úsáid na Gaeilge | 20% | 10% | 45 nóiméad |
| Labhairt | 20% | 10% | 20 nóiméad + 30 nóiméad ullmhúcháin |
| **Pasmharc don scrúdú iomlán: 60%**<br>**Pas le gradam: 80%** | | | |

- Tabhair faoi deara nach mbeidh pas tuillte ag iarrthóir mura n-éiríonn leis/léi an t-íosmharc a bhaint amach i ngach rannóg.
- Tabhair faoi deara nach leor an t-íosmharc a bhaint amach i ngach rannóg chun pas a fháil sa scrúdú iomlán.
- I gcás go dteipfeadh ar iarrthóir i **rannóg amháin**, ach go bhfuil 60% bainte amach aige/aici sa scrúdú iomlán, is féidir tabhairt faoin rannóg áirithe sin arís i scrúdú sa bhliain chéanna nó an bhliain dár gcionn, ar a mhoille.

***3. 3 An scrúdú cluastuisceana***

- Tá 4 cheist ar fad le freagairt sa chuid seo den scrúdú.
- Déan cinnte agus d'uimhir scrúdaithe a scríobh ar gach leathanach.
- Maireann an chuid seo den scrúdú timpeall 50 nóiméad.
- Bainfear úsáid as ábhar dílis ón raidió, ón teilifís agus ón idirlíon den chuid is mó. Beidh meascán canúintí i gceist.
- Tá teorainn leagtha síos don méid ama is ceadmhach a chaitheamh ar gach ceist.
- Nuair a bhíonn gá le freagraí scríofa, ní mór do fhreagraí na n-iarrthóirí a bheith i nGaeilge. Ní chaillfear marcanna as mílitriú ná gramadach mhíchruinn, chomh fada agus atá an méid atá scríofa intuigthe. Ní gá abairtí iomlána a scríobh.
- Tabharfaidh an feitheoir leathanach bán duit chun gur féidir leat nótaí a scríobh le linn duit a bheith ag éisteacht leis na míreanna cluastuisceana.

**Ceist 1**

| | |
|---|---|
| Cineál téacs | Píosa cainte as léacht nó cur i láthair. |
| Tasc | Beidh ar na hiarrthóirí ceist amháin nó dhá cheist ilrogha a fhreagairt. |
| Fócas | Beidh ar na hiarrthóirí éisteacht leis an mhír iomlán chun éirim nó brí iomlán an phíosa cainte a thabhairt leo. Ní gá go dtuigfeadh na hiarrthóirí gach rud sa mhír ach ba chóir go mbeidís in ann na straitéisí cuí a úsáid chun brí ghinearálta an téacs a thuiscint. |
| Cur chuige | Tabharfaidh an feitheoir an leathanach ar a bhfuil an cheist don iarrthóir.<br>Ansin beidh 60 soicind ag iarrthóirí leis an cheist a léamh sula ndéantar an mhír a sheinm. Déanfar an mhír a sheinm uair amháin.<br>Nuair a bheidh an mhír cloiste ag na hiarrthóirí ba cheart dóibh an cheist/na ceisteanna a fhreagairt. |

| | |
|---|---|
| | Ansin tógfaidh an feitheoir an leathanach ó gach iarrthóir. |
| Marcanna | 10 |

**Ceist 2**

| | |
|---|---|
| Cineál téacs | Píosa cainte as léacht nó cur i láthair. Bainfear úsáid as an téacs céanna éisteachta do Cheist 1 agus do Cheist 2. |
| Tasc | Beidh 6 cheist ar fad le freagairt. Bainfear úsáid as meascán de cheisteanna gairide, ceisteanna fíor/bréagach/ní deirtear agus ceisteanna ilrogha. |
| Fócas | Beidh ar na hiarrthóirí éisteacht go cúramach leis an mhír le heolas ar leith a aimsiú agus le tuairimí agus dearcadh a aithint, fiú má chuirtear na tuairimí nó an dearcadh sin in iúl go hindíreach. |
| Cur chuige | Tabharfaidh an feitheoir an leathanach ar a bhfuil an cheist do gach iarrthóir.<br>Tá nóiméad amháin acu ansin leis na ceisteanna ar an leathanach a léamh.<br>Déanfar an mhír a sheinm uair amháin.<br>Ba cheart d'iarrthóirí na ceisteanna a fhreagairt le linn dóibh a bheith ag éisteacht leis an mhír.<br>Nuair a bheidh an mhír cloiste ag na hiarrthóirí beidh dhá nóiméad breise acu lena gcuid freagraí a sheiceáil.<br>Ansin tógfaidh an feitheoir an leathanach ó gach iarrthóir. |
| Marcanna | 12 |

**Ceist 3**

| | |
|---|---|
| Cineál téacs | Agallamh nó píosa as agallamh. |
| Tasc | Beidh 6 cheist ar fad le freagairt. Bainfear úsáid as meascán de cheisteanna gairide, ceisteanna fíor/bréagach/ní deirtear agus ceisteanna ilrogha. |
| Fócas | Beidh ar na hiarrthóirí éisteacht chun príomhphointí, eolas nó mionsonraí faoi leith a aimsiú agus chun dearcadh agus tuairimí na gcainteoirí a aithint. Ba cheart go mbeidís in ann an t-eolas sin a aimsiú fiú má chuirtear in iúl go hindíreach é. |
| Cur chuige | Déanfar an mhír a sheinm uair amháin.<br>Ansin, tabharfaidh an feitheoir an leathanach ar a bhfuil na ceisteanna do gach iarrthóir.<br>Tá nóiméad amháin ag na hiarrthóirí ansin leis na ceisteanna ar an leathanach a léamh. Déanfar an mhír a sheinm uair amháin eile.<br>Ba cheart d'iarrthóirí na ceisteanna a fhreagairt le linn dóibh a bheith ag éisteacht leis an mhír.<br>Nuair a bheidh an mhír cloiste ag na hiarrthóirí beidh dhá nóiméad breise acu lena gcuid freagraí a sheiceáil.<br>Ansin tógfaidh an feitheoir an leathanach ó gach iarrthóir. |
| Marcanna | 12 |

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| Cineál téacs | Mír as clár nuachta nó clár faoi chúrsaí reatha. |
| Tasc | Beidh 6 cheist ar fad le freagairt. Bainfear úsáid as meascán de cheisteanna gairide, ceisteanna fíor/bréagach/ní deirtear agus ceisteanna ilrogha. |
| Fócas | Beidh ar na hiarrthóirí éisteacht leis an mhír chun eolas agus mionsonraí ábhartha a thuiscint. |
| Cur chuige | Déanfar an mhír a sheinm uair amháin.<br>Ansin, tabharfaidh an feitheoir an leathanach ar a bhfuil na ceisteanna do gach iarrthóir.<br>Tá nóiméad amháin ag na hiarrthóirí ansin leis na ceisteanna ar an leathanach a léamh. Déanfar an mhír a sheinm uair amháin eile.<br>Ba cheart d'iarrthóirí na ceisteanna a fhreagairt le linn dóibh a bheith ag éisteacht leis an mhír.<br>Nuair a bheidh an mhír cloiste ag na hiarrthóirí beidh dhá nóiméad breise acu lena gcuid freagraí a sheiceáil.<br>Ansin tógfaidh an feitheoir an leathanach ó gach iarrthóir. |
| Marcanna | 12 |

***3.4 An scrúdú léamhthuisceana:***

- Tá 4 cheist ar fad le freagairt sa chuid seo den scrúdú.
- Déan cinnte agus d'uimhir scrúdaithe a scríobh ar gach leathanach.
- Níl cead foclóirí a úsáid.
- Tá teorainn leagtha síos don méid ama is ceadmhach a chaitheamh ar gach ceist.
- Nuair a bhíonn gá le freagraí scríofa ní mór d'fhreagraí na n-iarrthóirí a bheith i nGaeilge. Ní chaillfear marcanna as litriú mícheart, fad is atá an méid atá scríofa intuigthe.
- Maireann an chuid seo den scrúdú 60 nóiméad ar fad.

**Ceist 1**

| | |
|---|---|
| Cineál téacs | Alt nó píosa faoi chúrsaí reatha as nuachtán, iris nó tréimhseachán. |
| Tasc | Beidh ar na hiarrthóirí ceist amháin nó dhá cheist ilrogha a fhreagairt. |
| Fócas | Éirim an ailt, an príomhdhearcadh nó an phríomhthuairim a nochtar san alt a aithint. Ní gá go ndéanfadh iarrthóirí gach cuid den alt a léamh agus ní gá go dtuigfidís gach rud san alt ach ba chóir go mbeidís in ann na straitéisí cuí a úsáid chun brí ghinearálta an téacs a thuiscint. |
| Cur chuige | Tabharfaidh an feitheoir an leathanach ar a bhfuil an cheist do gach iarrthóir.<br>Beidh nóiméad amháin ag na hiarrthóirí leis an cheist a léamh.<br>Anois tabharfaidh an feitheoir an téacs do gach iarrthóir.<br>Tá 5 nóiméad ag iarrthóirí leis an téacs a léamh agus an cheist a fhreagairt.<br>Nuair a bheidh 5 nóiméad istigh déanfaidh an feitheoir an leathanach ar a bhfuil an cheist a thógáil ó gach iarrthóir. |
| Marcanna | 10 |

**Ceist 2**

| | |
|---|---|
| Cineál téacs | Bainfear úsáid as an téacs céanna léitheoireachta i gCeist 2 & i gCeist 1 |
| Tasc | Tabharfar 8 n-abairt do na hiarrthóirí agus beidh orthu an t-eolas atá sna habairtí sin a mheaitseáil leis an áit a bhfuil an t-eolas sin le fáil sa téacs féin. |
| Fócas | Déanann an cheist seo tástáil ar mhiontuiscint na n-iarrthóirí ar an téacs agus ar a gcumas chun argóintí / eolas a aithint agus a aimsiú. |
| Cur chuige | Beidh **15 nóiméad** ag iarrthóirí leis an téacs a léamh agus an cheist a fhreagairt. Nuair a bheidh 15 nóiméad istigh tógfaidh an feitheoir an leathanach ó gach iarrthóir. |
| Marcanna | 16 |

**Beidh 40 nóiméad agat le Ceist 3 agus Ceist 4 a dhéanamh.**

**Ceist 3**

| | |
|---|---|
| Cineál téacs | Alt nó sliocht as leabhar, as alt, as leathanach Idirlín nó as bróisiúr. |
| Tasc | Beidh ar na hiarrthóirí an abairt cheart a roghnú le cur i ngach bearna sa téacs. Beidh 10 n-abairt ann agus 8 mbearna le líonadh. |
| Fócas | Caithfidh iarrthóirí a léiriú go bhfuil tuiscint acu ar an struchtúr a bhíonn ar théacsanna agus ar an chaoi a ndéantar forbairt ar théacs agus ar smaointe. |
| Cur chuige | Ba cheart d'iarrthóirí an cheist atá ar an pháipéar scrúdaithe agus an téacs ar an chéad leathanach eile a léamh.<br>Ansin, caithfidh iarrthóirí an abairt cheart (1-10) a roghnú le cur i ngach bearna.<br>Tá dhá abairt ann nach mbainfear úsáid astu. Ba cheart an uimhir cheart a scríobh i ngach bearna san alt. |
| Marcanna | 16 |

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| Cineál téacs | Litir nó ríomhphost foirmiúil. |
| Tasc | Tá dhá thasc sa cheist seo. |
| Tasc A | Meascán de cheisteanna gairide, ceisteanna ilrogha, agus ceisteanna fíor/bréagach/ní deirtear. I gcás na gceisteanna fíor/bréagach/ní deirtear- beidh ar iarrthóirí fianaise a sholáthar ón téacs le tacú leis an rogha a dhéanann siad – is é sin má roghnaíonn siad 'fíor' nó 'bréagach'. Sna ceisteanna sin bronnfar marc amháin as an rogha cheart a dhéanamh agus bronnfar marc amháin chun an fhianaise cheart a sholáthar. |
| Fócas | Déantar tástáil ar chumas na n-iarrthóirí pointí caolchúiseacha / eolas nó tuairimí a chuirtear in iúl go hindíreach a aithint agus a aimsiú. |
| Marcanna | 12 |

| | |
|---|---|
| Tasc B | Tugtar ceithre shainmhíniú do na hiarrthóirí agus bíonn orthu focail a aimsiú ón téacs le meaitseáil leis na sainmhínithe. |
| Fócas | Déantar tástáil ar stór focal na n-iarrthóirí |
| Marcanna | 4 |

***3.5 An scrúdú scríbhneoireachta***

- Mairfidh an chuid seo den scrúdú 75 nóiméad ar fad.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as foclóirí nó aon áiseanna tagartha eile.
- Caithfidh na hiarrthóirí a léiriú go bhfuil cruinneas maith gramadaí acu agus go bhfuil siad in ann déileáil leis an réimse leathan struchtúr, stór focal agus feidhmeanna atá riachtanach don leibhéal seo. Féach na samplaí scríbhneoireachta i *Ardleibhéal 1 (C1): Siollabas agus treoir do mhúinteoirí.* Ba cheart go mbeidís in ann cibé téacs atá á scríobh acu a leagan amach de réir na nósanna cuí a bhaineann lena leithéid de théacs ag cur san áireamh an duine / daoine ar a bhfuil an téacs dírithe.
- Caillfear marcanna mura gcloítear leis an teorainn focal.
- Moltar go láidir d'iarrthóirí aire faoi leith a dhéanamh den pheannaireacht.
- Moltar d'iarrthóirí roinnt ama a chaitheamh ag pleanáil agus ag leagan amach an méid atá le scríobh agus ansin ag déanamh eagarthóireachta agus súil siar ar an méid atá scríofa acu.
- Cuirfear páipéar ar fáil le haghaidh obair gharbh.
- Tá dhá cheist sa rannóg seo.

**Ceist 1**

- Beidh ar iarrthóirí litir, léirmheas, tuairisc, teistiméireacht, ríomhphost, iarratas nó alt a scríobh. Beidh rogha acu idir trí cheist.
- Cuirfear eolas ar fáil faoi chuspóir an téacs agus faoin lucht léitheoireachta ar a bhfuil sé dírithe. Beidh ar iarrthóirí díriú ar phointí faoi leith sa mhéid a scríobhann siad.
- Tabharfar breithiúnas ar na rudaí seo a leanas: cruinneas gramadaí agus réimse struchtúr in úsáid, réimse stór focal, ábhar agus réim oiriúnach don tasc, cur i gcrích an taisc (tugadh aghaidh ar na pointí eolais go léir).
- Ba cheart do na hiarrthóirí timpeall **200-250 focal** a scríobh sa spás atá leagtha amach.
- Marcanna: 30.

**Ceist 2**

- Beidh rogha ag iarrthóirí idir trí cheist. Beidh orthu ráiteas a léamh agus aiste nó alt a scríobh ina ndéanann siad cur síos ar an dearcadh atá acu maidir leis an ráiteas. Ba cheart go mbeadh an t-alt nó an aiste oiriúnach le haghaidh nuachtáin nó irise.
- Ní chuirfear aon treoir ar fáil maidir leis an méid a bheidh le scríobh ag na hiarrthóirí. Caithfidh siad a léiriú go bhfuil siad in ann argóint a eagrú agus a fhorbairt ar bhealach atá ciallmhar agus loighciúil.
- Tabharfar breithiúnas ar na rudaí seo a leanas: cruinneas gramadaí agus réimse struchtúr in úsáid, réimse foclóra, ábhar agus réim oiriúnach don tasc, comhleanúnachas agus eagrú an ábhair).
- Ba cheart do na hiarrthóirí timpeall **550-580 focal** a scríobh sa spás atá leagtha amach.
- Marcanna: 50.

***3.6 Úsáid na Gaeilge***

- Mairfidh an chuid seo den scrúdú 45 nóiméad ar fad.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as foclóirí nó aon áiseanna tagartha eile.
- Moltar d'iarrthóirí aird faoi leith a thabhairt ar an litriú agus ar chruinneas gramadaí.
- Tá cúig cheist ar fad sa rannóg.

**Ceist 1**

Beidh téacs le léamh agus focal cuí le scríobh i ngach bearna. **Focal amháin** a bheidh le scríobh i ngach bearna. Níor cheart níos mó ná focal amháin a scríobh. Beidh 20 bearna ar fad sa téacs. Caithfidh an focal a bheith oiriúnach ó thaobh na céille de agus ceart ó thaobh na gramadaí de chun iomlán na marcanna a fháil.
Marcanna: 2 mharc an ceann (40 marc san iomlán)

**Ceist 2**

Beidh cúig abairt le haistriú go Gaeilge.
Marcanna: 5 mharc an ceann (25 marc san iomlán)

**Ceist 3 & 4 & 5**

Díreofar ar ghnéithe éagsúla den ghramadach sna ceisteanna seo. Féach *Meánleibhéal 2 (B2): Siollabas agus treoir d'iarrthóirí* agus *Ardleibhéal 1 (C1): Siollabas agus treoir do mhúinteoirí* le cur síos a fháil ar na réimsí gramadaí atá riachtanach don leibhéal seo. Beidh abairtí le hathscríobh, míreanna éagsúla le ceangal le chéile agus araile. Ní gá gurb iad na gnéithe céanna a bheadh á dtástáil sa chuid seo den scrúdú ó bhliain go bliain.
Marcanna: 20 do gach ceist.

***3.7 An Scrúdú cainte***

- Iarrthóir amháin a bheidh faoi scrúdú ag aon am faoi leith.
- Beidh beirt i mbun an scrúdaithe. Beidh duine amháin ag cur na gceisteanna agus i mbun stiúrtha agus measúnachta agus beidh an duine eile i mbun measúnachta an tam ar fad agus ní bheidh sé/sí páirteach sa chomhrá.
- Déanfar gach scrúdú cainte a thaifeadadh.
- Tá trí rannóg sa scrúdú cainte seo.
- Déanfar measúnú ar na rudaí seo a leanas: cruinneas gramadaí, stór focal, foghraíocht, cumarsáid agus bainistiú cumarsáide. Níl marc faoi leith ag dul do gach rannóg ach déanfar iarrthóirí a mheas de réir mar a éiríonn leo sa scrúdú cainte iomlán.

**Cuid 1 (Cur i láthair)**

- ***Seacht lá*** roimh dháta an scrúdaithe cuirfear ***liosta de thrí thopaic*** chuig gach iarrthóir. Gheobhaidh gach iarrthóir an liosta céanna topaicí. Moltar don iarrthóir ullmhúchán ginearálta a dhéanamh ar na topaicí (stór focal, mar shampla). Beidh ar iarrthóirí labhairt faoi cheist/ráiteas a bhaineann le ceann amháin de na topaicí sin lá an scrúdaithe. Cuirfear in iúl don iarrthóir lá an scrúdaithe cé acu topaic a bheidh aige/aici.

- Ar lá an scrúdaithe, ba cheart go mbeadh iarrthóirí i láthair sa seomra cuí ***35 nóiméad*** roimh thús an scrúdaithe. Tabharfar bileog don iarrthóir ar a mbeidh an topaic don chur

i láthair mar aon le ceist / ráiteas faoin topaic a bheidh le plé le linn an chur i láthair. Ansin, beidh ***30 nóiméad*** ag an iarrthóir leis an chur i láthair a ullmhú. Cuirfear cártaí ar fáil do gach iarrthóir chun gur féidir leo pointí gairide a bhreacadh síos le iad a threorú le linn an chuir i láthair. Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as foclóirí ná aon áiseanna eile le linn dóibh a bheith i mbun ullmhúcháin.

- Nuair a thiocfaidh an t-iarrthóir isteach sa seomra scrúdaithe cuirfear roinnt ceisteanna ginearálta air/uirthi ar dtús. Ansin, tabharfar cuireadh dó / di an cur i láthair a dhéanamh. Mairfidh an cur i láthair ***5 nóiméad ar fad***. Cuirfidh an scrúdaitheoir in iúl don iarrthóir nuair a bheidh nóiméad amháin fágtha. Moltar go láidir d'iarrthóirí cloí leis an teorainn ama.

- Nuair a bheidh an cur i láthair críochnaithe cuirfidh an scrúdaitheoir roinnt ceisteanna ar an iarrthóir maidir leis an ábhar. Seans go n-iarrfar air/uirthi forbairt a dhéanamh ar phointí áirithe, pointí a chosaint, samplaí a sholáthar agus a leithéidí. Ní mhairfidh an chuid seo den scrúdú níos mó ná ***3 nóiméad***.

- Ní bheifear ag súil go mbeidh aon saineolas ag iarrthóirí maidir le hábhar an chuir i láthair ach táthar ag súil go gcloífidh siad leis an téama agus go mbeidh na samplaí a thugann siad nó na pointí a dhéanann siad bainteach leis an ábhar.

- Beifear ag súil le hiarrthóirí a bheith in ann a gcuid tuairimí, smaointe agus argóintí a chur i láthair ar bhealach eagraithe, soiléir agus comhleanúnach.

**Cuid 2 (Ceisteanna ginearálta)**

- Comhrá faoi ábhair ghinearálta idir an t-iarrthóir agus an scrúdaitheoir a bheidh sa chuid seo den scrúdú.

- I measc na n-ábhar a d'fhéadfaí a phlé tá nithe a bhaineann le saol an duine féin, mar shampla: cúrsaí oibre, taisteal agus ábhair níos teibí, mar shampla, na meáin chumarsáide, cúrsaí sóisialta agus dlí, an pholaitíocht agus cúrsaí reatha.

- Beidh ar na hiarrthóirí a dtuairimí a chur in iúl, a fhorbairt agus a chosaint nuair is gá chomh maith le bheith in ann pointí a chur in ord tosaíochta agus achoimre a dhéanamh ar a bhfuil ráite acu.

- Mairfidh an chuid seo den scrúdú cainte ***10 nóiméad***.

**Cuid 3 (Ag labhairt faoi phictiúir)**

- Tabharfaidh an scrúdaitheoir bileog don iarrthóir. Beidh sraith de thrí phictiúr chomh maith le ceist a bhaineann leis na pictiúir ar an bhileog seo.

- Beidh ***nóiméad amháin*** ag iarrthóirí le breathnú ar na pictiúir agus smaoineamh faoin cheist.

- Agus iad ag freagairt na ceiste caithfidh iarrthóirí labhairt faoi dhá cheann de na pictiúir atá ar an bhileog. Níl sé i gceist go ndéanfadh iarrthóirí cur síos lom ar a bhfuil le feiceáil i

ngach pictiúr. Ina ionad sin ba cheart dóibh comparáid a dhéanamh eatarthu, tuairimí a nochtadh ina dtaobh, hipitéis a chur in iúl faoi na daoine atá sna pictiúir agus na rudaí atá ar siúl acu, mar shampla.

- Beidh ***2 nóiméad*** ag an iarrthóir le labhairt faoi na pictiúir agus aon cheisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir air a fhreagairt.